

NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

2-11-2015

GAELSCOIL NA CAMÓIGE ABÚ!



Beidh lá mór againn amárach i bPáirc Uí Chrócaigh le cluiche ceannais na gcailíní i gcoinne St.Dominics. Táim cinnte de go mbeidh lá iontach againn agus tá gach duine an-bhródúil as na cailíní. Go n-éirí libh agus bainigí taitneamh as an ócáid iontach seo. Tá ard-mholadh ag dul don Mhúinteoir Olivia a rinne an-chuid oibre agus traenála leis an bhfoireann agus a d'eagraigh chuile rud don lá. Ar mbuíochas léi! Tá gach duine an-bhródúil as an iarracht iontach a chuirtear isteach!

Beidh na páistí ag caitheamh na héadaí scoile ar an lá.

Críoch agus tús an lae mar is gnáth: 8.50-1.30/8.50-2.30

Foireann na gcailíní: Beidh na cailíní atá ag imirt ag fágáil na scoile ag **9.45am**. Tá bus beag eagraithe dóibh.

Páistí agus tuismitheoirí: Beidh na busanna ag fágáil na scoile ag **10.00 am** ar an bpointe.

Déanaigí cinnte go bhfuil sibh in am. Beidh an cluiche ar siúil ag 11.00 agus beidh muid ar ais ar scoil arís thart ar 12.30pm

Beidh an cluiche ar siúil ar an taobh Hogan den pháirc. Ná déanaigí dearmad ar bhur ticéadaí.

Gaelscoil na Camóige will be enjoying an extra special day tomorrow in Croke Park where the girls football team will play their final match against St. Dominics. We are all very proud of each of you. Best of luck and make sure to enjoy this great occasion! A huge congratulations to Múinteoir Olivia who has put in so much work and training with the girls. We are extremely proud of all of you!

The children will wear the full school uniform on the day.

School begins and ends at the usual times, 8.50-1.30/ 8.50-2.30

Team bus is leaving at 9.45am.

Bus for pupils and parents is leaving at 10.00am sharp. The match will begin at 11.00am and we will be back in school again by 12.30pm.

The girls are playing on the Hogan side of Croke Park. Please do not forget your tickets as you wont be allowed entry without them!

Beirt bhuachaill nua ar an saol!!

Two beautiful boys are born!!

Múinteoir Pól

Comhgairdeas leis an Múinteoir Pól! Rugadh a bhuachaill álainn Peadar 21-10-15. Tá Mamaí, Daidí agus leanbh go breá.

Congratulations to Múinteoir Pól! A beautiful baby boy Peadar was born on Wednesday 21-10-15. Father and baby are well.

Múinteoir Sinéad

Comhgairdeas leis an Múinteoir Sinéad! Rugadh a buachaill álainn Danny, Dé Máirt 20-10-15. Tá Mamaí, agus leanbh go breá.

Congratulations to Múinteoir Sinéad! A beautiful baby boy Danny was born on Tuesday 20-10-15. Mother and baby are well.

Meabhrúchán/ Reminder cruinnithe/meetings



Beidh na cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ar siúl an 11 agus 12 Samhain. Críochnóidh na páistí ag an ngnáth-am. 1:30pm do na Naíonáin agus 2:30pm do Ranganna 1-6 an dá lá sin.

The Parent-Teacher meetings will take place on November 11th and 12th. The children will finish at the usual times of 1.30pm for the infants and 2.30pm for 1st to 6th.

Íoc ar líne/ Pay online

Rinneadh trí íocaíocht ar líne le déanaí gan ainm páiste a bheith ag dul leo. Más rud gur íoc tú ar líne gan ainm a chur leis téigh i dteagmháil leis an oifig.

Three payments have been made online recently to the school without a child's name attached. If you have made an online payment over the last few weeks and did not add a name to it, please contact the office immediately.

* * * * *



Tá ag éirí go hiontach leis an bhfoireann peile faoi 11 sa léig faoi láthair. Tá cluiche amháin fágtha acu. Tuilleadh eolais le teacht ón Múinteoir Donncha.

The school football team under 11 are doing very well in the league at the moment. They have one match left. Information to follow from Múinteoir Donncha.

Rainbows

Is cúrsa iontach é Rainbows a thugann tacaíocht do pháistí a bhfuil taithí acu le méala, scaradh nó colscaradh sa chlann. Is grúpa tacaíochta é Rainbows a chabhraíonn go mór le páistí. Beidh an cúrsa ag dul ar aghaidh arís i mbliana sa scoil. Tuilleadh eolais le teacht ón Múinteoir Jacinta.

Rainbows is a wonderful support service for children who have experienced bereavement, separation or loss in their family lives. Rainbows provides a support group for children that will assist children in working through any concerns that they may have. This programme will be running in the school again this year. Keep an eye out for more information from Múinteoir Jacinta over the next few days.

SEAI

Beidh Ranganna na Naíonán Mór – Rang a Dó ag glacadh páirt i gceardlann Fuinnimhe Dé Céadaoin, an 04 Samhain san Áras. Cuireann SEAI na ceardlanna seo ar fáil le tacú le scoileanna na páistí a mhúineadh maidir le fuinneamh agus athrú aeráide.

Senior Infants, First and Second Class will be participating in an Energy Workshop on Wednesday 4th November in the Áras. These workshops are provided by SEAI to support schools in achieving better awareness of energy and climate change.

Meabhrúchán/ Reminder

Beidh cruinniú do thuismitheoirí Rang 2 an Déardaoin, an 05 Samhain ag 7.30pm i Séipéal Muire Gan Smál sa sráidbhaile.

There will be a meeting for parents of Second Class in preparation for The First Holy Communion in The Church of the Immaculate Conception at 7.30pm.

MS Readathon

Críochnóidh an MS Readathon an 27 Samhain. Caithfear an t-airgead a sheoladh isteach chuig an múinteoir ranga roimh nó ar an dáta sin. *The MS Readathon will finish on 27th November. All monies must be returned to the class teacher on or before that date.*



Scoil Sábháilteachta Rothaíochta - *Cycling Safety School*

Tá áthas orm a rá go bhfuil Rang 5 ag glacadh páirt i scoil rothaíochta gach Céadaoin ar chlós na scoile ag tosnú an 04 Samhain ar faeadh 6 seachtaine. Is féidir leo éadaí spóirt na scoile a chaitheamh fad agus a leanann an cúrsa ar aghaidh.

5th Class are taking part in a Cycling Safety School every Wednesday on the schoolyard starting 4th November lasting for 6 weeks. They can wear the school tracksuit for the duration of the course.

Cairde

D'éirigh go hiontach leis an gConair Chopair arís i mbliana - bailíodh €1248 don scoil! Míle buíochas leis na páistí agus na tuismitheoirí a thóg isteach airgead. Comhgairdeas le Rang 2 a bhuaigh an comórtas agus atá ag tnúth leis na dearbháin Oibre baile a úsáid! Ár mbuíochas le Cairde a chinntigh go bhfuair gach páiste rud beag freisin. Ár mbuíochas ó chroí leis na tuismitheoirí sin a rinne na boinn a chomhairemah gach seachtain. *The Copper Trail was a huge success again this year, raising €1248 for the school! Many, many thanks to all the children and parents who donated their coppers. Congratulations to Rang 2 who won the competition and are very eager to use their Homework Vouchers! Many thanks to Cairde who ensured that all of the children received a treat also. A huge thank you to all the parents who gave their time to count the coppers each week! Many hands make light work!*

Cairde will also be taking names for volunteers for bag packing in The Mill on 4th/5th December 2015. If you wish to volunteer please approach a member of Cairde or send an e-mail or a message on facebook.

Ranganna Fliút/ Bainseó/ maindilín *Flute/ banjo/ mandolin classes*

Beidh Ranganna fliút, bainseó agus maindilín ag tosnú ar an Luan 9 Samhain ag 2.30pm. Is féidir le páistí ó Rang 2- Rang 6 páirt a ghlacadh sna ranganna. Tá an praghas le bheith cinntithe. Má tá suim ag do pháiste sna ranganna seo téigh chuig an oiifig roimh nó ar 6 Samhain. *I am delighted to say that we are now able to offer the children flute, banjo and mandolin classes. These are available to children from 2nd Class to 6th Class and will take place every Monday at 2.30pm. The price has yet to be confirmed depending on the amount of children interested. If your child would like to join the class please speak to Éilis in the office on or before this Friday 6th November. Classes will start on the 9th November.*

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide